



AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH
TAX APPEALS COMMISSION

Tuarascáil Bhliantúil 2023



Clár Ábhair

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Ceannlínte 2023.....	5
Staitisticí Ceannlíne 2023.....	6
Príomh-Aschuir	10
An Comhthéacs agus Táscairí Tionchair	11
Forbhreathnú ar Achomhairc	12
Achomhairc Reatha.....	13
Achomhairc Leagáide.....	14
Achomhairc Réamhbhunaidh.....	15
Forbhreathnú ar na Achomhairc atá idir Lámha amhail an 31 Nollaig 2023	16
Líon na nAchomhairc in aghaidh na Bliana a Fuarthas	17
Achomhairc ‘Ar Feitheamh’ agus achomhairc ‘Chomhdhlúite’	18
Achomhairc a Fuarthas in 2023.....	19
Achomhairc arna nDúnadh in 2023.....	20
Achomhairc atá liostaithe lena n-éisteacht in 2023.....	21
Cinntí a Eísíodh	24
Comhdhálacha Bainistíochta Cáis in 2023.....	25
Dul chun cinn déanta maidir le hachomhairc in 2023.....	27
Cásanna luaite	28
Achomhairc – Príomhchineálacha Cánach	29
Cineálacha Cánach Iolracha.....	33

Rialachas agus Riarachán Ginearálta.....	34
Bonn reachtúil agus Feidhmeanna an Choimisiúin.....	35
Rialachas agus Riarachán Ginearálta.....	35
Soláthar foirne.....	35
Bainistiú riosca.....	35
An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca.....	36
Iniúchadh Inmheánach.....	36
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.....	36
An Coiste um Chuntais Phoiblí.....	36
Tuarascálacha Alt 21.....	37
Saoráil Faisnéise.....	37
Cosaint Sonraí.....	37
Nochtadh Cosanta.....	37
An tAcht um Chomhionannas agus Cearta an Duine.....	37
Soláthar.....	37
Teicneolaíocht Faisnéise.....	37
Suíomh Gréasáin.....	38
Éisteachtaí Cianda.....	38
Córas Cásbhainistithe.....	38
Maoiniú agus Caiteachas.....	38
Aguisín 1.....	39
Cairt Eagrúcháin.....	40
Aguisín 2.....	41
An Coiste Bainistíochta agus Rialachas.....	42

Ráiteas an Chathaoirligh

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Achomhairc Chánach a bhfuil sé de chúram air próiseas achomhairc nua-aimseartha agus éifeachtúil a chur ar fáil maidir le héisteacht agus breithniú díospóidí cánach. Déanaimid ár ndícheall gach bliain nuachóiriú a dhéanamh agus éirí níos éifeachtúla. Léiríonn tabhairt isteach Córas nua Bainistíochta Cásanna agus tairseach ar líne (i mBéarla agus i nGaeilge) an tiomantas don nua-aimsearthacht agus don éifeachtúlacht.

Chun béim a leagan ar ár gcleachtas leanúnach maidir le héifeachtúlachtaí a lorg, sa chéad ráithe de 2023, thug an Coimisiún faoi athbhreithniú Lean Six Sigma ar gach próiseas, agus é ag súil lenár gCóras nua Bainistíochta Cásanna. De bhun an athbhreithnithe Lean Six Sigma seo, bhaineamar céimeanna riaracháin inár bpróisis chun an éifeachtúlacht is mó a chinntiú. Rinneamar an cinneadh freisin a bheith mar oifig gan pháipéar agus táimid ag brath ar thaifid dhigiteacha amháin. Mar a luadh thuas, chuidigh an t-athbhreithniú seo lenár gCóras Bainistíochta Cásanna a thabhairt isteach agus bhíothas ag súil leis. Chuaigh an córas nua agus an tairseach ar líne beo i ráithe 4 de 2023 agus tá buntáistí suntasacha curtha ar fáil aige cheana féin maidir leis an gcaoi a dtugaimid faoinár gcuid oibre. Déanann an córas nua gach sruth oibre a rianú agus a thaifeadh agus tugann sé léargas ‘fíor-ama’ ar achomhairc ar staitisticí bainistíochta idir lámha agus láithreach bonn. Ina theannta sin, tá tairseach nua againn don phobal a chuidíonn leis an bhFógra Achomhairc a chomhlánú agus a chur isteach. Ní theastaíonn aon idirghabháil láimhe chuige sin, rud a chinntíonn faisnéis staitistiúil atá cothrom le dáta agus áititheach.

Maidir le héisteacht agus a bhreithniú ar achomhairc, léiríonn na staitisticí atá iniata sa Tuarascáil Bhliantúil go raibh bliain rathúil eile ag an gCoimisiún. Ar feadh bliana eile, dhún an Coimisiún níos mó achomharc ná mar a d’oscail

sé. B’ionann na hachomhairc a dúnadh agus luach €1.386 billiún euro faoi dhíospóid, a scaoileadh ar ais chuig an Státchiste nó chuig an ngeilleagar. Is ionann na huimhreacha sin agus laghdú 60 faoin gcéad ar chandam na n-achomharc ó 2022 ó €1.3 billiún go €519 milliún agus laghdú 24 faoin gcéad ar líon na n-achomharc a bhí idir lámha ó 2022 ó 1,504 achomharc go 1,139 achomharc. D’éisíomar 175 cinneadh ar luach €409 milliún i ndíospóid agus sceidealaíomar 411 éisteacht ar luach comhcheangailte arb ionann iad agus €1.4 billiún. In 2023, lean an treocht ar aghaidh mar a bhí i mblianta roimhe seo agus is ionann cáin chorparáide agus an chandam is airde d’achomhairc a fuarthas ar luach €522 milliún as an iomlán de €613 milliún a bhí faoi dhíospóid. Leanann an treocht ar aghaidh le hachomhairc níos casta agus saincheisteanna dlí atá ag leathnú i gcónaí.

Tá an Coimisiún ag brath ar go leor páirtithe leasmhara as a rath oibríochtúil. Tá buíochas mór ag dul don Aire Airgeadais, Michael McGrath T.D. as a thacaíocht agus a inrochtaineacht leanúnach, in ainneoin éilimh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar a chuid ama. Cuirtear an buíochas sin in iúl freisin don Ard-Rúnaí, John Hogan agus dá fhoireann sa Roinn Airgeadais as a dtacaíocht agus a gcur chuige, agus urraim á tabhairt dár neamhspleáchas i gcónaí. Tá mé faoi chomaoin freisin as tacaíocht Barry Lowry, Príomhoifigeach Faisnéise agus a fhoireann san OGCIÓ, Seamus McCarthy, an tArd-

Reachtairé Cuntas agus Ciste agus a fhoireann, agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca, Gerard Moran, agus na gcomhaltaí, Mary Griffin agus Wendy Kennedy in 2023. Fáiltíonn an Coimisiún freisin roimh an mball is nua den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, Éimear Fisher.

Lean rannpháirtíocht dhearfach ar aghaidh le páirtithe leasmhara an Choimisiúin agus lenár n-úsáideoirí seirbhíse. Áirítear orthu sin iar-Uachtarán Institiúid Cánachais na hÉireann, Colm Browne agus an tUachtarán nua Tom Reynolds agus Comhairle agus comhaltaí na hInstitiúide, Cathaoirleach Choiste Cánach na gCuntasóirí Cairte, Peter Vale agus a chomhaltaí, Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim, Niall Cody, a chomhchoimisinéirí agus a fhoireann sna Coimisinéirí Ioncaim, Príomhoifigeach an Bhiúró, An tArd-Cheannfort Michael Gubbins agus a fhoireann ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, Cumann an Bharra Cánach, na comhpháirtithe agus na baill foirne go léir ag na gnólachtaí dlí, cleachtóirí cánach, cuntasóirí, abhcóidí dlí inmheánacha agus abhcóidí


“

B'ionann na hachomhairc a dúnadh agus luach €1.386 billiún euro faoi dhíos póid, a scaoileadh ar ais chuig an Státchiste nó chuig an ngeilleagar.

”

ar fud na hÉireann agus i ndlínsí eile agus sa phobal i gcoitinne, a ndéanaimid freastal orthu.

Agus an meall mór ar deireadh, tá líon an-bheag foirne ag an gCoimisiún ag 32 ag gráid éagsúla, a thugann faoin obair ar fad a léiríonn na staitisticí iniata. Gabhaim buíochas ó chroí as a ndíograis, as a seirbhís don phobal agus as a spiorad coláisteach i gcónaí.



Marie-Claire Maney
Cathaoirleach

Ceannlínte 2023

1,521 achomharc dúnta
ar luach **€1.386** billiún



Titim 60%

ar chandam na
n-achomharc idir lámha
ó 2022

Ó €1.3billiún go €519
milliún



Titim 24%

ar achomhairc idir
lámha ó 2022

Ó 1,504 go 1,139




411 éisteacht
sceidealaithe
(**162** go cianda)
ar luach

€1.4 billiún

175
cinneadh eisithe
ar luach
€409 milliún



.....

1,156
achomharc a
fuarthas ar luach
€613 milliún

Córas nua inmheánach
Bainistíochta
Cásanna

tugadh isteach
le haghaidh
éifeachtúlacht i
bpróiseáil achomharc



Tugadh Tairseach


Nua isteach ar an
suíomh gréasáin
chun gur féidir

Achomhairc
Chánach
a thíolacadh ar líne




Staitisticí ceannlíne 2023

Miondealú ar 1,139 Achomharc ar Láimh ag Deireadh na Bliana




Achomhairc ar Láimh amhail 31/12/23, níos lú iad siúd "Ar Feitheamh" nó "Comhdhlúite" **565**




Treochtaí Achomhairc sa Choimisiún ó bunaíodh é


Achomhairc idir lámha amhail Deireadh na Bliana 2016-2023 de réir bliana/catagóire



Candam na n-achomharc a fuarthas v. Dúnta ó 2016 (€m)




Achomhairc a Fuarthas v. Dúnta ó 2016




Post Reatha an Choimisiúin

Miondealú Achomhairc Oscailte
1,139 Iomlán




Achomhairc Oscailte Miondealú
Chandamach Iomlán €519m (€m)



- Leagáide
- 2016
- 2018
- 2020
- 2022
- Pre-Est't
- 2017
- 2019
- 2021
- 2023


Forbairtí in 2023

Achomhairc a Fuarthas v. Dúnta de réir Míosa 2023




Achomhairc arna nDúnadh in 2023

1,521 Iomlán




Miondealú Candamach Iomlán
€1,386m (€m)



■ Leagáide ■ 2016 ■ 2018 ■ 2020 ■ 2022
■ Pre-Est't ■ 2017 ■ 2019 ■ 2021 ■ 2023

Cúis le Dúnadh Achomhairc Iomlán 1,521





Príomh-Aschuir

Príomh-Aschuir

Is é cuspóir an Choimisiúin um Achomhairc Chánach (“an Coimisiúim”) a oibleagáidí faoin Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015, faoin Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach agus faoin Rialachán Réamheolaire), 2019 agus faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (“TCA1997”) a chomhlíonadh, rud a chinntíonn gur féidir le gach cáiniócoir, nuair is cuí, a gceart achomhairc a fheidhmiú chuig comhlacht neamhspleách i gcoinne cinní agus measúnuithe na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (“CAB”).

Soláthraíonn na príomh-aschuir agus na príomhghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí seo a leanas faisnéis feidhmíochta chun tacú leis an gCoimisiún na haschuir agus na torthaí ó chaiteachas poiblí a mheas.

Táscaire	2020	2021	2022	2023	Spríoc Aschuir 2024
Achomhairc Chánach a Phróiseáil					
Líon na gCinntí a Eisíodh	171	130	190	175	150
Líon na n-Achomhairc idir Lámha ag deireadh na bliana	3,023	2,710	1,504	1,139	900
Líon na n-Éisteachtaí Sceidealta	229	188	553	411	500
Candam na n-Achomhairc idir Lámha	€4.5bn	€1.7bn	€1.3bn	€519m	€500m
Cumas Eagrúcháin					
Líon na Baill Foirne ag an gCoimisiún	33.5	26	33	32	37
Buiséadú Comhionannais					
Líon na n-Éisteachtaí Cianda a Thairgtear	98	188	553	411	400

Nóta 1: Taispeántar ar chuid de na táblaí atá san áireamh sna leathanaigh seo a leanas “an candam faoi dhíospóid” d’achomhairc a fuair an Coimisiún. Ba cheart breathnú ar an gcandamuimhir sin mar mheastachán ar an mbonn seo a leanas:

- féadfar an candam bunaidh cánach atá faoi dhíospóid a mhodhnú tar éis an fógra achomhairc a chomhdú (i.e. i gcás ina ndéantar gné den achomhairc a shocrú nó a tharraingt siar),
- Is féidir go mbeidh easaontú idir na páirtithe maidir le candam beacht na cánach faoi dhíospóid, nó
- ní bhíonn luach airgid achomhairc inírofa i gcónaí (e.g. in achomhairc i gcás ina bhfuil an ráta cánach faoi dhíospóid nó más ionainn an candam faoi dhíospóid agus diúltú d’fhaoiseamh caillteanais nó d’asbhaintí nó in achomhairc maidir le diúltú do Dheimhnithe Imréitigh Cánach).

Nóta 2: Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire go mbíonn staidreamh maidir le hachomhairc ag athrú de shíor agus go ndéantar iad a nuashonrú ar bhonn laethúil de réir comhfhreagrais agus fógraí a fhaightear. Amhail in R1-2024, cuirtear léargas i láthair sa tuarascáil seo atá chomh cruinn agus is féidir maidir le staidreamh don bhliain féilire 2023.

An Comhthéacs agus Táscairí Tionchair

Táscaire	2020	2021	2022	2023
Críochnaitheacht agus cinnteacht a bhunú d’Achomhaircóirí agus d’Fhreagróirí maidir le díospóidí cánach – (Méadrach: Líon na n-achomhairc arna ndúnadh)	1,391	1,789	2,661	1,521
Cinníocht a bhunú don Státchiste agus don Choiste um Chuntais Phoiblí maidir le candam na cánach atá dlite – (Méadrach: Candam na gcánacha maidir le hAchomhairc arna nDúnadh)	€820m	€3,146m	€605m	€1,386m
Soiléireacht a sholáthar maidir le léirmhíniú ar Dhlí Cánach na hÉireann agus cuidiú lena bheachtú agus chuíchóiriú – (Méadrach: Candam na gcinntí arna n-eisiúint)	€610m	€443m	€292m	€409m
Líon breise achomhairc cánach arna ndúnadh i gcomparáid leis an líon a fuarthas sa bhliain chéanna	352	313	1,207	365



Forbhreathnú ar Achomhairc

Forbhreathnú ar Achomhairc

Achomhairc Reatha

Chun críche na tuarascála seo, is iad “achomhairc reatha” na hachomhairc sin a fuarthas an 1 Eanáir 2016 nó dá éis.

Faightear, próiseáiltear agus cinntear achomhairc reatha de réir fhorálacha Chuid 40A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Le linn 2023, lean an Coimisiún d’fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na gcomhad achomhairc reatha agus rinne sé cinntí (agus i gcás inarbh iomchuí, thug sé treoracha uaidh) maidir le hAgallaimh Bhainistíochta Cáis (“CMCanna”) a reachtáil, agus tuilleadh faisnéise agus/nó Ráitis Cháis agus/nó Achoimrí Argóinte á lorg aige. Nuair is féidir, liostaíodh achomhairc lena n-éisteacht.

Tugtar forbhreathnú sa tábla seo a leanas ar an dul chun cinn a rinneadh in 2023 maidir le hachomhairc reatha:

Forbhreathnú ar Achomhairc Reatha in 2023		
	Líon na nAchomharc	Candam* €
Líon na nAchomharc a fuarthas in 2016	901	332m
Líon na nAchomharc a fuarthas in 2017	1,747	848m
Líon na nAchomharc a fuarthas in 2018	1,689	2,532m
Líon na nAchomharc a fuarthas in 2019	1,491	384m
Líon na nAchomharc a fuarthas in 2020	1,039	1,582m
Líon na nAchomharc a fuarthas in 2021	1,476	296m
Líon na nAchomharc a fuarthas in 2022	1,454	200m
Líon na nAchomharc a Fuarthas ó 2016 go 2022	9,797	6,174m
Iarmhéid Tosaigh - 1 Eanáir 2023	1,252	1,111m
Líon na nAchomharc a fuarthas in 2023	1,156	613m
Líon na nAchomharc arna nDúnadh in 2023	(1,475)	(1,300m)
Iarmhéid Deiridh - 31 Nollaig 2023	933	424m
Éisteachtaí		
Líon na n-éisteachtaí sceidealta (a dhéanann difear do 678 achomharc aonair)	385	1,324m
Achomhairc arna dTarraingt siar/Arna socrú riomh an éisteacht	(78)	(605m)
Achomhairc arna n-iarchur roimh a n-éisteacht	(133)	(226m)
Cruinniú Bainistíochta Cáis (CMCanna)		
Líon na CMCanna sceidealta (lena ndéantar rinne difear do 29 achomharc aonair)	21	1,224m
Achomhairc arna n-iarchur roimh ré ar iarratas ó cheachtar páirtí	(8)	(400m)
Cinntí		
Líon na gcinntí a eisíodh in 2023	163	359m

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a rómhtar an candamuimhir faoi dhíospóid.

San áireamh san fhigiúr deiridh ag deireadh 2023, tá 244 achomharc ‘Ar Feitheamh’ arb ionann iad agus €165m agus 132 achomharc le stádas ‘Comhdhlúite’ nó ‘Cumaiscthe’ arb ionann iad agus €29m. Dá leasófaí na figiúirí foriomlána deireadh bliana chun é sin a léiriú, laghdófaí líon na n-achomharc reatha atá idir lámha ag an gCoimisiún agus a bhfuil an Coimisiún in ann dul chun cinn gníomhach a dhéanamh maidir leo go dtí 557 le candam de thart ar €231m.

Achomhairc Leagáide

Is sean-achomhairc iad achomhairc leagáide a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí loncaim sular bunaíodh an Coimis iún. Sa dara leath de 2016, aistríodh 2,755 achomharc leagáide chuig an gCoimisiún de réir Chuid 40A den Acht Comhdhlúite Cánach 1997. Tar éis athbhreithniú tosaigh mionsonraithe a dhéanamh ar na comhaid, cuireadh 1,600 de na hachomhairc sa ghrúpa céanna le hachomhairc ghaolmhara nó le hachomhairc a leanann príomh-achomhairc. I bhfianaise an athbhreithnithe sin, tháinig laghdú ar líon na n-achomharc aonair ó 2,755 go dtí 1,155. Le héisteachtaí agus cinntí i gcaitheamh na mblianta laghdaíodh líon na n-achomharc leagáide a thuilleadh. Tugtar faoi deara, mar gheall ar chinneadh, i ndáil le tráinse d’achomhairc leagáide, ar sheas an Chúirt Achomhairc leis in 2023, go bhféadfaí líon suntasach eile achomharc leagáide agus achomhairc ghaolmhara eile ó bhlianta níos déanaí a dhúnadh in 2024. Braitheann sé seo ar na páirtithe agus ar aon cinntí a bhaineann le dul chun cinn féideartha ar achomharc breise chuig an gCúirt Uachtarach.

Tugtar forbhreathnú sa tábla seo a leanas ar an dul chun cinn a rinneadh in 2023 maidir le hachomhairc leagáide:

Forbhreathnú ar Achomhairc Leagáide in 2023		
	Líon na nAchomharc	Candam* €
Líon na nAchomharc a fuarthas	1,155	797m
Iarmhéid Tosaigh - 1 Eanáir 2023	226	128m
Líon na nAchomharc arna nDúnadh in 2023	(35)	(85m)
Iarmhéid Deiridh - 31 Nollaig 2023	191	43m
Éisteachtaí		
Líon na n-éisteachtaí sceidealta (lena ndéantar difear do 17 achomharc aonair)	14	15m
Achomhairc arna n-iarchur roimh a n-éisteacht	(7)	(39m)
Cruinniú Bainistíochta Cáis (CMCanna)		
Líon na CMCanna sceidealta (lena ndéantar difear do 2 achomharc aonair)	2	2m
Arna dTarraingthe siar/Arna Socrú roimh cruinniú bain-istíochta cáis	(1)	(0.2m)
Cinntí		
Líon na gcinntí a eisíodh in 2023	9	49m
* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an candamuimhir faoi dhíospóid.		

San áireamh san fhiúir deiridh ag deireadh 2023, tá 189 achomharc 'Ar Feitheamh' arb ionann iad agus €42m agus 1 achomharc le stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe' arb ionann é agus €0.5m. Dá leasófaí na figiúirí foriomlána deireadh bliana chun é sin a léiriú, laghdófaí líon na n-achomharc leagáide atá idir lámha a bhfuil an Coimisiún in ann dul chun cinn gníomhach a dhéanamh maidir leo go dtí 1 le candam de thart ar €1m.

Achomhairc Réamhbhunaidh

Is achomhairc iad achomhairc réamhbhunaidh a bhí idir lámha ag Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016.

Tugtar forbhreathnú sa tábla a leanann ar an dul chun cinn a rinneadh in 2023 maidir le hachomhairc Réamhbhunaidh:

Forbheathnú ar Achomhairc Réamhbhunaidh in 2023		
	Líon na nAchomharc	Candam* €
Líon na nAchomharc a fuarthas	304	373m
Iarmhéid Tosaigh - 1 Eanáir 2023	26	53m
Líon na nAchomharc arna nDúnadh in 2023	(11)	(1m)
Iarmhéid Deiridh - 31 Nollaig 2023	15	52m
Éisteachtaí		
Líon na n-éisteachtaí sceidealta (lena ndéantar difear do 20 achomharc aonair)	12	6m
Achomhairc arna dTarraingt siar/Arna socrú ríomh an éisteacht	(3)	(0.08m)
Achomhairc arna n-iarchur roimh a n-éisteacht	(5)	(1m)
Cruinniú Bainistíochta Cáis (CMCanna)		
Líon na CMCanna sceidealta (lena ndéantar difear do 9 achomharc aonair)	5	1m
Achomhairc arna n-iarchur roimh ré ar iarratas ó cheachtar páirtí	(2)	(0.08m)
Cinntí		
Líon na gcinntí a eisíodh in 2023	3	1m

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an candamuimhir faoi dhíospóid.

San áireamh san fhiúir deiridh ag deireadh 2023, tá 7 n-achomharc 'Ar Feitheamh' arb ionann iad agus €13m agus 1 achomharc le stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe' arb ionann é agus €2m. Dá leasófaí na figiúirí foriomlána ó cheann ceann na bliana chun é sin a léiriú, laghdófaí líon na n-achomharc Réamhbhunaidh atá idir lámha agus go bhfuil an Coimisiún in ann dul chun cinn gníomhach a dhéanamh maidir leo go 7 le candam de thart ar €36m. As an 7 achomharc gníomhach atá fágtha, tá 5 acu sin curtha chun cinn go dtí ardchéim.

Forbhreathnú ar na Achomhairc atá idir Lámha amhail an 31 Nollaig 2023

Tugtar forbhreathnú sa tábla seo a leanas ar gach achomharc atá idir lámha amhail an 31 Nollaig 2023:

Forbhreathnú ar na Achomhairc atá idir Lámha amhail an 31 Nollaig 2023		
Bliain / Catagóir	Líon na nAchomharc	Candam* €
Leagáide	191	43m
Réamhbhunaidh	15	52m
2016	25	59m
2017	33	35m
2018	190	25m
2019	42	13m
2020	27	38m
2021	55	44m
2022	107	25m
2023	454	185m
lomlán	1,139	519m

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an candamuimhir faoi dhíospóid.

Líon na nAchomharc in aghaidh na Bliana a Fuarthas

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar líon na n-achomharc a fuarthas agus a dúnadh ó bunaíodh an Coimisiúin in 2016:

	Iomlán	Oidh-reacht*	Reamh-Bunaidh	Reatha							
				2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023
2016											
Faighte in 2016	2,360	1,155	304	901							
Dúnta in 2016	(206)	(1)	(9)	(196)							
Iarmhéid (31/12/16)	2,154	1,154	295	705							
2017											
Faighte in 2017	1,747				1,747						
Dúnta in 2017	(688)	(175)	(31)	(223)	(259)						
Iarmhéid (31/12/17)	3,213	979	264	482	1,488						
2018											
Faighte in 2018	1,689					1,689					
Dúnta in 2018	(1,439)	(252)	(85)	(204)	(407)	(491)					
Iarmhéid (31/12/18)	3,463	727	179	278	1,081	1,198					
2019											
Faighte in 2019	1,491						1,491				
Dúnta in 2019	(1,579)	(205)	(74)	(86)	(203)	(356)	(655)				
Iarmhéid (31/12/19)	3,375	522	105	192	878	842	836				
2020											
Faighte in 2020	1,039							1,039			
Dúnta in 2020	(1,391)	(153)	(25)	(66)	(182)	(201)	(368)	(396)			
Iarmhéid (31/12/20)	3,023	369	80	126	696	641	468	643			
2021											
Faighte in 2021	1,476								1,476		
Dúnta in 2021	(1,789)	(106)	(25)	(45)	(148)	(202)	(255)	(390)	(618)		
Iarmhéid (31/12/21)	2,710	263	55	81	548	439	213	253	858		
2022											
Faighte in 2022	1,454									1,454	
Arna nDúnadh in 2022	(2,660)	(37)	(29)	(43)	(471)	(181)	(124)	(143)	(672)	(960)	
Iarmhéid (31/12/22)	1,504	226	26	38	77	258	89	110	186	494	
2023											
Faighte in 2023	1,156										1,156
Dúnta in 2023	(1,521)	(35)	(11)	(13)	(44)	(68)	(47)	(83)	(131)	(387)	(702)
Iarmhéid (31/12/23)	1,139	191	15	25	33	190	42	27	55	107	454
Achoimre											
Achomhairc a fuarthas	12,412	1,155	304	901	1,747	1,689	1,491	1,039	1,476	1,454	1,156
Achomhairc Dúnta	(11,273)	(964)	(289)	(876)	(1,714)	(1,499)	(1,449)	(1,012)	(1,421)	(1,347)	(702)
Iarmhéid (31/12/23)	1,139	191	15	25	33	190	42	27	55	107	454

* Mar thoradh ar an athbhreithniú ar na comhaid oidhreachta in 2017, laghdaigh an Coimisiún an líon bunaidh achomharc oidhreachta a fuarthas ó 2,756 go dtí 1,156 trí bhlianta cánach measúnaithe a bhaineann leis na hachomhairc óir céanna a chur sa ghrúpa céanna agus trí shaincheisteanna gaolmhara a chur sa ghrúpa céanna.

I go leor cásanna, déanfaidh achomhairc achomharc maidir leis an saincheist céanna thar iliomad blianta cánach measúnaithe agus i gcásanna den sórt sin, déantar na hachomhairc seo a ghrúpáil mar achomharc amháin. I gcás achomhairc ina ndearna cáiniocóir achomharc chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún ('achomharc oidhreachta') agus ina dhiaidh sin achomharc a ndearnadh maidir le bliain mheasúnachta cánach iarbhunaochta, féadfar na hachomhairc sin a ghrúpáil mar achomharc amháin. Chun críocha riaracháin, déantar achomhairc a chur sa ghrúpa céanna más iomchuí; níl oireann gach achomharc áfach, do ghrúpáil.

- Tá thart ar 30% de na hachomhairc a fuarthas (bíodh siad oscailte nó dúnta) in 2023 á mbainistiú ag gníomhaire don achomhairc óir (m.sh. cuntasóir, gníomhaire cánach, atur nae, srl.).
- Tá blianta iomadúla cánach measúnaithe nó tréimhsí iomadúla measúnaithe faoi dhíos-póid i gceist le thart ar 10% de na hachomhairc.
- Aithnítear os cionn 300 achomharc atá idir lámha faoi láthair mar chuid de ghrúpaí achomharc, mar a bhfuil saincheist nó saincheisteanna den chineál céanna faoi achomharc.

Achomhairc 'Ar Feitreamh' agus achomhairc 'Comhdhlúite'

Tá stádas reatha 'Ar Feitreamh' ag roinnt achomharc ar chúiseanna éagsúla m.sh. achomhairc a bheith ar feitreamh go dtí go ndéanfaidh an Ard-Chúirt cinneadh, achomhairc a bheith ar feitreamh go dtí go mbeidh toradh ar achomhairc i 'bpríomhchás' nó tuilleadh am a bheith ag teastáil ó pháirtithe haghaidh plé socraíochta. D'fhéadfadh stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe' a bheith ag achomhairc eile (m.sh. achomhairc a bhaineann le hachomharcóirí iomadúla maidir leis an saincheist chéanna, achomhairc a bhaineann le hachomharcóir amháin agus saincheisteanna iomadúla, srl.), is féidir leis an gCoimisiún dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na achomhairc uile ag an am céanna amhail is nach raibh iontu ach achomharc amháin.

I bhfianaise an méid thuas, tá 440 achomharc 'Ar Feitreamh' arb ionann iad agus €220m agus 134 achomharc le stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe' arb ionann iad agus €32m. Dá leasófaí na figiúirí foriomlána dheireadh na bliana chun é sin a léiriú, laghdófaí líon na n-achomharc atá idir lámha agus go bhfuil an Coimisiún in ann dul chun cinn gníomhach a dhéanamh maidir leo go dtí 565 le candam de thart ar €268m.

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar an líon reatha na n-achomharc atá idir lámha a dteastaíonn dul chun cinn maidir leo amhail an 31 Nollaig 2023:

	Iomlán	Leagáide	Reamh-Bunaidh	Reatha							
				2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023
Iarmhéid (31/12/23)	1,139	191	15	25	33	190	42	27	55	107	454
Achomhairc 'Ar Feitreamh'	(440)	(189)	(7)	(14)	(15)	(136)	(10)	(5)	(17)	(38)	(9)
Achomhairc 'Comhdhlúite' / Cumaiscthe'	(134)	(1)	(1)	(1)	(4)	(50)	(13)	(10)	(17)	(21)	(16)
Iarmhéid Leasaithe	565	1	7	10	14	4	19	12	21	48	429

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar gach achomharc atá idir lámha amhail an 31 Nollaig 2023, má fhágtar as an áireamh aon achomharc a bhfuil stádas 'Ar Feitreamh' nó 'Comhdhlúite' aige:

Forbhreathnú ar Achomhairc idir Lámha ag Deireadh 2023 (Gan gach achomharc 'Ar Feitreamh' nó 'Comhdhlúite' a áireamh)		
Bliain / Catagóir	Líon na nAchomharc	Candam* €m
Leagáide	1	1
Réamhbhunaidh	7	36
2016	10	24
2017	14	32
2018	4	1
2019	19	2
2020	12	19
2021	21	5
2022	48	10
2023	429	136
Iomlán	565	268

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an candamuimhir faoi dhíos póid.

Achomhairc a Fuarthas in 2023

Fuair an Coimisiún 1,156 achomharc in 2023. Rinneadh athbhreithniú ar gach achomharc a fuarthas agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leo dá réir. Déantar breac-chuntas ar achomhairc a fuarthas agus ar chandam na cánach faoi dhíospóid in 2023 a mhiondealú mar seo a leanas:

2023 Mí	Líon na nAchomharc a fuarthas	Candam* €m
Eanáir	196	17
Feabhra	81	2
Márta	115	17
Aibreán	98	27
Bealtaine	92	17
Meitheamh	85	4
Iúil	82	56
Lúnasa	80	16
Meán Fómhair	54	1
Deireadh Fómhair	88	425
Samhain	92	9
Nollaig	93	22
Iomlán	1,156	613

Cineál Cánach na nAchomharc a fuarthas**	Líon na nAchomharc a fuarthas	% den Iomlán	Candam* €m
IT	482	42	39
CBL	185	16	7
Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)	65	6	0.4
CT	43	4	522
Eile***	166	14	25
CGT	144	12	11
CAT	22	2	2
A bhaineann le Covid****	49	4	7
Iomlán	1,156	100	613

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an candamuimhir faoi dhíospóid.

** Chun críocha anailís a dhéanamh ar cánacha cloigne áiríodh achomharc ina bhfuil níos mó ná cáin chloigne amháin mar achomharc amháin arna chatagóiriú faoin phríomhcháin chloigne. Is féidir anailís ar chineálacha iolracha cánach a fháil níos faide anonn sa chaibidil seo.

*** I measc eile tá C&E, cáin coinneála ar ús taisce (DIRT), DWT, LPT, PSWT, RCT agus Dleacht Stampála.

**** Áirítear le scéimeanna a bhain le Covid an Scéim Tacaíochta Srianataí COVID (CRSS), an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) & an Scéim Shealadach Fóirdheontais Pá (TWSS).

Achomhairc arna nDúnadh in 2023

Dhún an Coimisiún 1,521 achomharc in 2023. Bliain eisceachtúil a bhí in 2022 agus ní raibh 2023 inchurtha léi toisc nach raibh an líon céanna achomharc le dúnadh ag an gCoimisiún. Rinneadh dúnadh trí achomharc a chhinneadh, a shocrú, a aistarraingt, a dhiúltú nó a dhíbhe. Is í seo an cúigiú bliain ar dhún an Coimisiún níos mó achomharc ná mar a fuair sé, rud a d'fhág go raibh titim 365 (nó 24%) ar líon na n-achomharc a bhí idir lámha ag deireadh na bliana. Seo a leanas breac-chuntas ar achomhairc a dúnadh in 2023:

2023 Month	Líon na nAchomharc Dúnta	Candam* €m
Jan	127	18
Feb	133	16
Mar	201	125
Apr	147	111
May	156	108
Jun	113	171
Jul	121	51
Aug	113	100
Sep	87	42
Oct	72	404
Nov	107	161
Dec	144	79
Iomlán	1,521	1,386

Tax Type of Appeals Closed**	Líon na nAchomharc Dúnta	% of Iomlán	Candam* €m
IT	637	42	62
CBL	263	17	158
Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)	61	4	1
CT	106	7	1,013
Eile***	183	12	44
CGT	138	9	91
CAT	41	3	7
A bhaineann le Covid****	92	6	10
Iomlán	1,521	100	1,386

Cúis le Dúnadh Achomhairc	Líon na nAchomharc Dúnta	Candam* €m
Cinntí Eisithe (175 iarbhír)	219	409
Caíte amach	74	2
Díúltaithe	72	2
Socráithe	714	668
Tarraingthe siar ag Achomharcóir	442	305
Iomlán	1,521	1,386

Catagóir / Bliain Faighte	Líon na n-Achomhairc Dúnta	Candam* €m
Leagáide	35	85
Pre Est't	11	1
2016	13	7
2017	44	65
2018	68	127
2019	47	114
2020	83	330
2021	131	96
2022	387	133
2023	702	428
Iomlán	1,521	1,386

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an candamuimhir faoi dhíospóid.

** Chun críocha anailís a dhéanamh ar cánacha cloigne áiríodh achomharc ina bhfuil níos mó ná cáin chloigne amháin mar achomharc amháin arna chatagóiriú faoin phríomhcháin chloigne. Is féidir anailís ar chineálacha iolracha cánacha a fháil níos faide anonn sa chaibidil seo.

*** I measc eile tá C&E, cáin coinneála ar ús taise (DIRT), DWT, LPT, PSWT, RCT agus Dleacht Stampála.

**** Áirítear le scéimeanna a bhain le Covid an Scéim Tacaíochta Srianáil COVID (CRSS), an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) & an Scéim Shealadach Fóirdheontais Pá (TWSS).

Achomhairc atá liostaithe lena n-éisteacht in 2023

Le linn 2023, bhí 411 éisteacht a théann i bhfeidhm ar 715 achomharc le candam iomlán €1.4bn sceidealta thar 326 lá. In 2022, bhí 553 éisteacht sceidealta le candam de €601m. Cé go raibh an líon a sceidealáidh in 2023 níos ísle ná 2022, tháinig méadú os cionn 130% ar an chandam sceidealaithe. Tá na cásanna achomhairc ag leanúint na dtreochtaí sna cúirteanna agus i gcomhlachtaí cinnteoireachta eile a bheith níos casta i gcónaí le saincheisteanna éagsúla. Tá idirghníomhú an dlí náisiúnta agus na hEorpa ag éirí ina ghné de go leor achomharc eile. Cuireann sé seo le fad na n-éisteachtaí agus le castacht na gcinntí. Bhí fad na n-éisteachtaí idir leath lae agus trí seachtaine.

Tugann an méid seo a leanas faisnéis faoi thoradh na n-éisteachtaí atá sceidealta:

Toradh*	2023	Candam** €m	2022	Candam** €m
Sceidealaithe ach iarchurtha nó tarraingthe siar roimh éisteacht				
Socraithe / Tarraingthe siar roimh éisteacht	136	605	157	81
Curtha ar athló / Iarchurtha roimh éisteacht	145	266	197	458
<i>Fo-iomlán</i>	281	871	354	539
Ar aghaidh				
S949AA - Tarraingthe siar le haghaidh neamhfhreastail	8	1	8	0.3
Socraithe tar éis éisteacht	4	2	8	0.7
Cuireadh tús leis an éisteacht agus cuireadh ar athló é	15	421	48	25
Éisteacht tugtha chun críche lena chinneadh	103	115	135	36
<i>Fo-iomlán</i>	130	539	199	62
Iomlán	411	1,410	553	601

* Is féidir go bhféadfadh athrú a bheith tagtha ar stádas achomhairc a luaitear thuas m.sh. achomhairc a taifeadadh thuas mar 'a tugadh chun críche le haghaidh cinnidh' a chinneadh faoi dháta foilsithe na tuarascála seo. Ar an gcaoi chéanna, b'fhéidir gur shocraigh roinnt éisteachtaí a cuireadh ar athló nó go mb'fhéidir go bhfuil siad 'tugtha chun críche le haghaidh cinnidh'.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'chandamach in aighneas.

Is féidir éisteachtaí a chur ar athló ar roinnt cúiseanna, m.sh. chun go bhféadfaí tuilleadh fianaise a chur isteach nó leanúint leis an éisteacht ar dháta éisteachta ina dhiaidh sin mura dtagann sé chun críche ar an dáta éisteachta tosaigh. Ní dheonóidh an Coimisiún atráth tosaigh ach amháin i gcúinsí teoranta agus táthar ag súil go mbeidh gach páirtí réidh d'aon dáta(i) éisteachta sceidealta. As na 441 éisteacht a bhí beartaithe in 2023, cuireadh 35% (nó 145) ar athló sula bhféadfaí éisteacht a réachtáil. Laghdú 1% a bhí ansin i gcomparáid le 2022.

Rinneadh 162 éisteacht a sceidealú go cianda in 2023.

Soláthraíonn an méid seo a leanas faisnéis maidir le candam na cánach atá i gceist, maidir le hachomhairc atá sceidealaithe le héisteacht in 2023:

Toradh**	Catagóir / Bliain oscailte										Iomlán	Candam* €m
	Leagáide 2020	Réamh Bhunaigh	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023		
Scheduled but Deferred or Withdrawn Prior to Hearing												
Socraithe / Tarraingthe siar roimh éisteacht		3	3	8	14	6	14	28	45	15	136	605
Curtha ar athló roimh éisteacht	7	5	5	4	12	11	9	32	37	23	145	
- Iarrtha ag an Achomharcóir	4	3	5	3	8	9	5	20	23	8	88	188
- Iarrtha ag na gCoimisinéirí Ioncaim	1	1		1	4	1	4	10	11	12	45	76
- Ag an gCoimisiún	2	1				1		2	3	3	12	2
<i>Fo-iomlán</i>	7	8	8	12	26	17	23	60	82	38	281	871
Ar aghaidh												
Socraithe tar éis éisteacht								1	3		4	2
S949AA - Tarraingthe siar le haghaidh ne- amhfhreastail			1	1			1	2	3		8	1
Cuireadh tús leis an éisteacht agus cuireadh ar athló é	1	1			4	1	2	1	4	1	15	421
Tháinig an éisteacht chun críche agus ag fanacht le cinneadh	6	3	4	6	8	8	7	18	28	15	103	115
<i>Fo-iomlán</i>	7	4	5	7	12	9	10	22	38	16	130	539
Iomlán	14	12	13	19	38	26	33	82	120	54	411	1,410

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an candamuimhir faoi dhíosópóid.

** Is féidir go bhféadfadh athrú a bheith tagtha ar stádas achomhairc a luaitear thuas m.sh. achomhairc a taifeadh thuas mar 'a tugadh chun críche agus ag fanacht le haghaidh cinnidh' a chinneadh faoi dháta foilsithe na tuarascála seo. Is féidir anailís ar chineálacha iolracha cánach a fháil níos faide anonn sa chaibidil seo.

Tugtar briseadh síos sa tábla seo a leanas ar líon na n-achomharc a fuarthas i mbliain ar leith ar tionóladh éisteacht ina leith:

Bliain Achomharc a Fuarthas	Líon Iomlán na n-Achomhairc a Fuarthas	An Bhliain ina raibh Éisteacht sceidealta								Iomlán
		2016	2017*	2018	2019	2020	2021	2022	2023	
Leagáide	1,155	62	9	55	109	52	36	14	14	351
Réamhbhunaidh	304	65	30	37	23	22	15	23	12	227
2016	901	26	23	26	37	36	14	38	13	213
2017	1,747		3	39	43	52	24	111	19	291
2018	1,689			10	12	44	27	85	38	216
2019	1,491					22	36	73	26	157
2020	1,039					1	33	61	33	128
2021	1,476						3	119	82	204
2022	1,454							29	120	149
2023	1,156								54	54
	12,412	153	65	167	224	229	188	553	411	1,990

*Bhain dhá achomharc a éisteadh in 2017 le 663 achomharc aonair breise.

Cinntí a Eisíodh

D'eisigh an Coimisiún 175 cinneadh in 2023 a rinne difear do 219 achomharc ar luach €409 milliún. Ina theannta sin, d'eisigh an Coimisiún 30 cinneadh i scríbhinn, a raibh a bhformhór fada agus casta, a bhain le réamh-shaincheistean amhail bailíocht achomhairc nó diúltú d'iarraidh ar chás sonraithe.

Tugtar briseadh síos sa tábla thíos ar na saincheistean cánach a chinn an Coimisiún in 2023.

Achoimre ar Chinntí a Eisíodh in 2023 de réir Cineál Cánach*				
	2023		2022	
	Líon na n-Achomhairc arna gcinneadh	Candam** €m	Líon na n-Achomhairc arna gcinneadh	Candam** €m
IT	85	15	122	28
CBL	19	11	30	55
Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF)	7	0.02	18	0.09
CT	12	336	18	196
Eile***	18	37	15	1
CGT	12	7	11	10
CAT	5	1	12	2
A bhaineann le covid****	17	3	11	0.4
lomlán	175	409	237	292

* Chun críocha anailíse ceann cánach áiríodh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceann cánach amháin mar achomharc amháin a chatagóiríodh faoina cheann cánach príomhúil. Is féidir anailís ar chineálacha iolracha cánach a fháil níos faide anonn sa chaibidil seo.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'chandamach in aighneas.

I measc eile tá RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, dleacht stampála agus DWT.

**** Áirítear le scéimeanna a bhain le Covid an Scéim Tacaíochta Srianataí COVID (CRSS), an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) & an Scéim Shealadach Fóirdheontais Pá (TWSS).

Tá forálacha i gCuid 40A, Caibidil 5 de TCA 1997 chun cinntí ón gCoimisiún a fhógairt agus a fhoilsiú. Éilíonn Alt 949AO ar na Coimisinéirí Achomhairc tuarascáil a fhoilsiú faoi gach ceann dá gcinntí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis do na páirtithe a bheith curtha ar an eolas faoin gcéanna.

Foilsítear gach cinneadh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus is féidir le baill den phobal breathnú orthu. Sonraíonn gach cinneadh torthaí gach achomhairc agus má bhí sé i bhfabhar nó i gcoinne an cháiniócóra lena mbaineann. Chomh maith leis seo, tá bunachar sonraí inchoirdaithe de na cinntí foilsithe go léir ó 2016 ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin, a sholáthraíonn achoimre ghairid ar an topaic chinnidh agus ar an reachtaíocht dá dtagraítear laistigh de gach cinneadh.

Tugtar briseadh síos sa tábla seo a leanas ar líon agus ar luach candamach na gcinntí a eisíodh agus má bhí an cinneadh i bhfabhar nó i gcoinne an cháiniócóra lena mbaineann ó 2020 i leith:

Cinntí a eisíodh ó 2020*							
Bliain	I bhfabhar an Cháiniócóra	Candam i bhfabhar an Cháiniócóra (€m)	Céatadán na gCinntí Foriomlána (Cáiniócóir)	I bhfabhar an Fhreagróra	Candam i bhfabhar an Fhreagróra (€m)	Céatadán na gCinntí Foriomlána (Freagróir)	lomlán
2020	44	592	26%	127	18	74%	171
2021	35	23	27%	95	420	73%	130
2022	35	127	18%	155	165	82%	190
2023	33	333	19%	142	76	81%	175
lomlán	147	1,075	22%	519	679	78%	666

* Tabhair faoi deara gur éirigh go páirteach le roinnt cinntí do cháiniócóirí. Sna cásanna seo, chun críocha taifeadta, taifeadadh an t-achomharc mar atá i bhfabhar an pháirtí a fuair an sochar níos mó.

Comhdhálacha Bainistíochta Cáis in 2023

Le linn 2023, sceidealaigh an Coimisiún 28 CMCanna a raibh tionchar acu ar 40 achomharc, arbh ionann iad agus €1.3bn. Bhí fad na CMCanna idir níos lú ná uair an chloig agus dhá lá; an chuid is mó a tugadh chun críche laistigh de chúpla uair an chloig.

